

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2017/1953 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Deireadh Fómhair 2017

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 dar teideal “Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch — I dTreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin”, leagtar amach fíis Eorpach maidir le nascacht idirlín do shaoránaigh agus don lucht gnó sa mhargadh aonair digiteach agus tugtar cuntas ar roinnt bearta féideartha lena bhféadfaí nascacht san Aontas Eorpach a fheabhsú.
- (2) Sa teachtaireacht uaidh an 26 Lúnasa 2010 dar teideal “Clár Oibre Digiteach don Eoraip”, meabhraíonn an Coimisiún gur cuireadh béim sa Straitéis Eoraip 2020 ar an tábhacht a bhaineann le seirbhís leathanbhanda a imlonnú chun an cuimsiú sóisialta agus an t-iomaíochas a chur chun cinn san Aontas agus leis sin athdhearbhaíodh an cuspóir go n-áirítear, faoi 2020, go mbeadh rochtain ag gach Eorpach ar luasanna idirlín a bheadh os cionn 30 Mbps, agus go mbeadh síntiús ag 50 % nó níos mó de theaghlaigh Eorpacha le naisc idirlín a bheadh os cionn 100 Mbps.
- (3) Ar na bearta a mholtar chun féachaint le nascacht idirlín ar fud an Aontais a bhaint amach, tá sé á chur chun cinn ag an gCoimisiún ina theachtairacht sin an 14 Meán Fómhair 2016 go -imlunnófaí lárphointí rochtana áitiúla gan sreang trí bhíthin nósanna imeachta pleanála simplithe agus bacanna rialála laghdaithe. Na lárphointí rochtana sin, lena n-áirítear iad sin atá coimhdeach i ndáil le soláthar seirbhísí poiblí eile nó iad sin nach de chineál tráchtála iad, féadfaidh siad a bheith ina mórchuidiú leis na líonraí cumarsáide gan sreang atá ann faoi láthair a fheabhsú agus leis na líonraí sin a bheith ann amach anseo a imlonnú trí chlúdach níos gráinní a éascú de réir mar is gá. Ba cheart go bhféadfadh na lárphointí rochtana sin a bheith ina gcuid de líonra a mbeadh corás

⁽¹⁾ IO C 125, 21.4.2017, lch. 69.

⁽²⁾ IO C 207, 30.6.2017, lch. 87.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2017.

fíordheimhniúcháin amháin aige a bheadh bailí ar fud an Aontais agus ba cheart go mbeadh líonraí áitiúla nascachta idirlín eile gan sreang atá saor in aisce in ann ceangal leis an gcóras. Ba cheart go mbeadh an córas sin i gcomhréir le ceanglais sonraí cosanta de chuid an Aontais agus le Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

- (4) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ciallaíonn nascacht áitiúil idirlín gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha, maidir le bheith saor in aisce, go soláthrófar í gan luach saothair comhfhreagrach, bíodh sé sin le híocaíocht dhíreach nó le cúiteamh de shaghas eile, amhail fógraíocht tráchtála nó sonraí pearsanta a sholáthar chun críocha tráchtála. Maidir le bheith gan choinníollacha idirdhealaitheacha, ciallaíonn sé go soláthraítear é gan dochar do shrianta is gá a bheith ann faoi dhlí an Aontais, nó faoin dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais, mar aon le bheith faoi réir an ghá feidhmiú rianúil an líonra a áirithiú agus, go háirithe, faoi réir an ghá leithdháileadh cothrom acmhainne a áirithiú idir úsáideoirí ag buaicuaireanta.
- (5) Margadh iomaíoch, agus creat reachtach ar féidir leis glacadh le forbairtí agus a spreagann iomaíocht, infheistíochtaí, agus nascacht fíor-ardacmhainne idirlín a bheith ar fáil agus á húsáid go forleathan, mar aon le líonraí tras-Eorpacha agus samhlacha nua gnó, tá ról tábhachtach acu maidir le spreagadh a thabhairt d'infheistíochtaí i líonraí ardacmhainne agus fíor-ardacmhainne ar féidir leo nascacht idirlín a sholáthar do shaoránaigh ar fud an Aontais.
- (6) I bhfianaise na teachtaireachta ón gCoimisiún an 14 Méan Fómhair 2016 agus chun cuimsiú digiteach a chur chun cinn, ba cheart don Aontas Eorpach tacú le nascacht áitiúil idirlín gan sreang ar ardchaighdeán atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar in ionaid a thaithíonn an pobal, lena n-áirítear ionaid amuigh faoin aer ar féidir leis an bpobal i gcoitinne dul iontu. Níor cumhdaíodh, go dtí seo, an tacaíocht sin le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ⁽²⁾ ná le Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (7) Ba cheart go dtabharfaí spreagadh leis an tacaíocht sin do chomhlachtaí san earnáil phoiblí, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ iad, nascacht idirlín gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar mar sheirbhís choimhdeach anuas ar a misean poiblí chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine sna pobail áitiúla leas a bhaint as leathanbhanda ardluais agus go mbeidh deis acu a gcuid scileanna digiteacha a fheabhsú in ionaid a thaithíonn an pobal. D'fhéadfaí a áireamh i measc na gcomhlachtaí sin, bardais, comhlachais arna gcruthú ag bardais, údaráis phoiblí áitiúla eile agus institiúidí poiblí áitiúla eile, leabharlanna agus ospidéal.
- (8) D'fhéadfadh nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha cuidiú le dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach, go háirithe i bpobail atá tite ar gcúl maidir leis an litearthacht dhigiteach, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus in áiteanna iargúlta.
- (9) D'fhéadfadh rochtain níos fearr a sholáthar ar sheirbhís leathanbhanda ardluais agus ar sheirbhís leathanbhanda fhíor-ardluais agus, dá bhrí sin, ar sheirbhísí ar líne, go háirithe i gceantair tuaithe agus in áiteanna iargúlta, caighdeán maireachtála daoine a fheabhsú trí rochtain ar sheirbhísí a éascú, mar shampla ríomhsheirbhísí sláinte agus rialtais, agus d'fhéadfadh sé forbairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a chur chun cinn.
- (10) Chun a áirithiú go mbeidh rath ar an tacaíocht atá le fóráil faoin Rialachán seo agus chun gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo a chur chun cinn, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfaidh na heintitis, a thugann faoi thionscadail agus leas a bhaint acu as cúnamh airgeadais de chuid an Aontais a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo, an oiread faisnéise is féidir maidir le hinfhaighteacht na seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh agus ba cheart dóibh a léiriú go soiléir go bhfuil maoiniú deonaithe ag an Aontas Eorpach. Leis an bhfaisnéis sin, d'fhéadfadh úsáideoirí deiridh rochtain a fháil go héasca freisin ar fhaisnéis maidir leis an Aontas Eorpach.
- (11) I bhfianaise an chuspóra shonraigh a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a chur chun cinn in ionaid a thaithíonn an pobal agus atá dírithe ar riachtanais áitiúla, ba cheart é a aithint mar thionscadal leasa choitinn ar leith in earnáil na teileachumarsáide de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.
- (12) D'fhonn an maoiniú iomchuí a chur ar fáil don chur chun cinn nascacht idirlín i bpobail áitiúla agus a chur i bhfeidhm rathúil a áirithiú, ba cheart EUR 25 000 000 a chur leis an imchlúdach airgeadais chun an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chur chun feidhme in earnáil na teileachumarsáide, suim a fhéadfar a mhéadú go EUR 50 000 000 chun rath a áirithiú ar chur chun feidhme an chláir sin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhísí uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide léictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (IO L 310, 26.11.2015, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE, (IO L 86, 21.3.2014, lch. 14).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) Uimh. 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibileach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

- (13) Ós rud é gur tacaíocht de chineál neamhthráchtála í an tacaíocht atá le soláthar faoin Rialachán seo agus gur tionscadail ar scála beag iad na tionscadail aonair atá beartaithe, ba cheart teorainn a chur ar an ualach riaracháin a oiread is féidir agus ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an leas atá beartaithe, agus an gá le cuntasacht agus cothromaíocht chúil idir simplíocht agus smacht á chur san áireamh. Mar sin, ba cheart an Rialachán seo a chur chun feidhme trí na cineálacha cúnaimh airgeadais is iomchuí, go háirithe trí dheontais, mar shampla trí dhearbháin, atá ar fáil faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, nó a bheidh ar fáil faoi amach anseo. Níor cheart an tacaíocht atá le soláthar faoin Rialachán seo a bheith ag brath ar ionstraimí airgeadais. Ba cheart feidhm a bheith ag príonsabal na bainistíochta fóna airgeadais.
- (14) Mar gheall ar líon teoranta na leithreasaí airgeadais i gcomparáid le líon ard na n-iarratas a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart nósanna imeachta riaracháin a shimpliú chun gur féidir cinntí a dhéanamh go tráthúil. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 a leasú chun a chur ar chumas na mBallstát comhaontú le catagóirí tograí atá i gcomhréir leis na critéir a shainmhíneáir i Roinn 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 chun formheas aonair iarratas a sheachaint agus chun a áirithiú nach mbeidh sé éigeantach caiteachas a dheimhniú agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin go bliantúil maidir le deontais ná maidir le cineálacha eile cúnaimh airgeadais arna ndámhachtain faoin Rialachán seo.
- (15) Toisc nach mbeidh ach clúdach teoranta ag aon cheann ar leith de na lárphointí rochtana áitiúla gan sreang agus toisc an luach íseal a bheidh ar na tionscadail aonair a chuimseofar, ní mheastar go mbeidh na lárphointí rochtana a dtabharfar cúnaimh airgeadais dóibh faoin Rialachán seo in iomaíocht le tairiscintí tráchtála. D'fhonn a áirithiú tuilleadh nach ndéanfar saobhadh míchuí ar iomaíocht i ngeall ar an gcúnaimh airgeadais sin, nach bplódófar infheistíochtaí príobháideacha agus nach gcruthófar dídhreasachtaí d'oibrítheoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh, ba cheart an tacaíocht arna soláthar faoin Rialachán seo a theorannú do thionscadail nach ionann iad agus tairiscintí poiblí nó príobháideacha saor in aisce atá ann cheana sa spás poiblí céanna agus a bhfuil a bhfuil saintréithe comhchosúla acu. Níor cheart go gcuirfí cosc leis an Rialachán seo ar na teorainneacha i dtéarmaí agus coinníollacha an úsáideora a leagan síos, amhail nascacht de réir tréimhse ama nó uasthómhaltas réasúnta sonraí a theorannú.
- (16) D'fhéadfadh tacaíocht bhreise cur le héifeacht níos suntasaí agus dá bhrí sin, níor cheart go gcuirfí as an áireamh é. D'fhéadfadh foinsí maoinithe poiblí, amhail cistí de chuid an Aontais nó cistí náisiúnta, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, nó ó fhoinsí maoinithe príobháideacha, tacaíocht den chineál sin a sholáthar.
- (17) Ba cheart an buiséad atá ar fáil a leithdháileadh go cothrom ó thaobh geografaíochta de ar thionscadail ar fud na mBallstát agus, i bprionsabal, ar bhonn "tús freastail ar an gceann is túisce". Ba cheart an sásra arb é is aidhm dó cothromaíocht gheografach a áirithiú a chur san áireamh sna cláir oibre ábhartha arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, agus ba cheart é a shonrú tuilleadh sna glaonna ar thograí arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán sin, más gá, mar shampla, trína chur ar chumas na n-iarratasóirí ó na Ballstáit ar Ballstáit iad ina bhfuil glacadh réasúnta íseal le deontais nó cineálacha eile cúnaimh airgeadais a bheith rannpháirteach tuilleadh.
- (18) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear nascacht idirlín ar fáil go tapa i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart, a oiread is féidir, cúnaimh airgeadais a chur chun feidhme trí uirlisí ar líne a úsáid, uirlisí lenar féidir iarratais a dhéanamh agus a phróiseáil go tapa agus lena dtacaítear le lárphointí rochtana áitiúla gan sreang arna suiteáil a chur chun feidhme agus le faireachán agus iniúchadh a dhéanamh orthu. Ba cheart don Choimisiúin agus na húdaráis ábhartha sna Ballstáit an tionscadal leasa choiteann a chur chun cinn.
- (19) Tá an Rialachán seo gan dochar don dlí náisiúnta a chomhlíonann dlí an Aontais, amhail forálacha náisiúnta lena gcuirtear cosc ar bhordais nascacht idirlín gan sreang atá saor in aisce a sholáthar go díreach, ach lena ligtear dóibh nascacht den chineál sin a sholáthar trí bhíthin eintitis phríobháideacha.
- (20) I ngeall ar an ngá práinneach atá ann i dtaca le nascacht idirlín san Aontas agus i ngeall ar an ngá práinneach a bhaineann le rochtain ar líonraí a chur chun cinn, lenar féidir seirbhís idirlín ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus in áiteanna iargúlta, atá bunaithe ar a laghad ar sheirbhísí leathanbhanda ardluais, agus cuspóirí na Sochaí Gigighiotáin Eorpaí á mbaint amach acu más féidir freisin, ba cheart féachaint leis an gcúnaimh airgeadais a leithdháileadh go cothrom ó thaobh geografaíochta de.
- (21) Ba cheart ceangal a chur ar eintitis thairbhíocha an nascacht gan sreang a sholáthar ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana.
- (22) Ba cheart go mbainfeadh na gníomhaíochtaí arna gcistiú de bhun an Rialacháin seo úsáid as an trealamh is nuai agus is úrscothaí, lenar féidir nascacht ardluais atá saor in aisce agus gan choinníollacha idirdhealaitheacha, is féidir a rochtain go héasca agus atá slán mar is iomchuí a sholáthar dá húsáideoirí.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

- (23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon tacú le nascacht gan sreang ar ardchaighdeán a sholáthar i bpobail áitiúla ar fud an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus a éifeachtaí an Rialacháin, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (24) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

“(1) ciallaíonn ‘tionscadal leasa choitinn’ tionscadal a shaináithnítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 nó Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch 14).”;

- (2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. In earnáil na teileachumarsáide, tacóidh an SCE le gníomhaíochtaí a fhéachann leis na cuspóirí a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 a bhaint amach.”;

- (3) sa chéad fhomhír d’Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) earnáil na teileachumarsáide: EUR 1 066 602 000.”;

- (4) leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí lena rannchuideofar le tionscadail leasa choitinn i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014, mar aon le gníomhaíochtaí tacaíochta cláir, incháilithe do thacaíocht trí bhíthin cúnamh airgeadais ón Aontas, go háirithe i bhfoirm deontas, soláthair agus ionstraimí airgeadais.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. In earnáil na teileachumarsáide, na gníomhaíochtaí ar fad lena gcuirfear chun feidhme tionscadail leasa choitinn agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir a shaináithnítear i Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 agus a chomhlíonfaidh na critéir incháilitheachta agus/nó na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán sin, beidh siad incháilithe le cabhair airgeadais ón Aontas a fháil faoin Rialachán seo mar a leanas:

(a) déanfar seirbhísí cineálacha, croí-ardáin seirbhíse agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir a mhaoiniú trí dheontais agus/nó soláthar;

(b) déanfar gníomhaíochtaí i réimse na ngréasán leathanbhanda a mhaoiniú trí ionstraimí airgeadais;

(c) déanfar gníomhaíochtaí chun nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar i bpobail áitiúla a mhaoiniú trí dheontais nó trí chineálacha cúnamh airgeadais eile, gan ionstraimí airgeadais a áireamh.”;

- (5) in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“1a. I gcás ina bhfuil údar leo, i ngeall ar an ngá atá ann ualach míchuí riaracháin a sheachaint, go háirithe má bhíonn deontais ar luach íseal de réir bhrí Airteagal 185 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 i gceist, féadfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo toiliú le catagóir ar leith tograí faoi na cláir oibre arna nglacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán seo, gan na hiarrthóirí aonair a ainmniú. Leis an toiliú sin, cuirfear deireadh leis an ngá atá ann do na Ballstáit gach uile iarratas a fhorghnóthú.”;

(6) in Airteagal 10(4), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Déanfar gníomhaíochtaí chun nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar i bpobail áitiúla a mhaoiniú trí bhíthin cúnamh airgeadais ón Aontas a chlúdóidh suas le 100 % de na costais incháilithe, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.”;

(7) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfar ionstraimí airgeadais a bhunófar i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 a úsáid chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'eintitis a chuirfidh chun feidhme gníomhaíochtaí lena rannchuideofar le tionscadail leasa choitinn mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 283/2014, agus chun a gcuspóirí a bhaint amach. Bunófar na hionstraimí airgeadais sin ar mheasúnuithe *ex-ante* ar lochtanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus ar riachtanais infheistíochta. Leagtar síos i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo príomhthéarmaí, príomhchoinníollacha, agus príomhnósanna imeachta gach ionstraime airgeadais.”;

(8) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Nuair a bheidh cláir oibre ilbhliantúla agus cláir oibre bhliantúla eárnála á nglacadh ag an gCoimisiún, bunóidh sé na critéir roghnúcháin agus dhámhactana i gcomhréir leis na cuspóirí agus na tosáíochtaí a leagtar síos in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 283/2014. Agus na critéir dhámhactana á leagan síos ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh na treoshuíomhanna ginearálta a leagtar síos i gCuid V d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.”;

(9) in Airteagal 22, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“Níl an deimhniú caiteachais dá dtagraítear sa dara mír den Airteagal seo éigeantach maidir le deontais nó cineálacha eile cúnamh airgeadais arna ndámhachtain de bhun phointe (c) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas dá dtagraítear sa tríú mír den Airteagal seo maidir le deontais ná cineálacha eile cúnamh airgeadais arna ndámhachtain de bhun phointe (c) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.”.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 283/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(2), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(h) ciallaíonn ‘lárphointe rochtana áitiúil gan sreang’ trealamh beag ísealchumhachta a fheidhmíonn laistigh de raon beag, agus a úsáideann, ar bhonn neamheisiach, speictream raidió a bhfuil na coinníollacha maidir lena infhaighteacht agus a úsáid éifeachtach chun na críche sin comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, agus lena féidir le húsáideoirí líonra cumarsáide leictreonaí a rochtain gan sreang.”;

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(c) tacú le nascacht áitiúil gan sreang ar ardchaighdeán atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar i bpobail áitiúla.”;

(3) leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas;

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“5a. Tacófar le gníomhaíochtaí a rannchuideoidh le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar i bpobail áitiúla trí bhíthin na nithe seo a leanas:

(a) deontais; agus/nó

(b) cineálacha eile cúnamh airgeadais, gan ionstraimí airgeadais a áireamh.”;

(b) i mír 7, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach in ionad an dara fómhír:

“Suas le 15 % den imchlúdach airgeadais d'earnáil na teileachumarsáide dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 a bheidh sa mhéid sin.”;

(4) in Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“8a. Maidir le gníomhaíochtaí a rannchuideoidh le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil ar ardchaighdeán gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar i bpobail áitiúla, ní mór dóibh na coinníollacha a leagtar amach i Roinn 4 den Iarscríbhinn a chomhlíonadh le bheith incháilithe don chistiú.”;

(5) in Airteagal 8(9), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

“(d) an líon nasc idirlín leis na lárphointí rochtana áitiúla gan sreang arna mbunú de thoradh gníomhaíochtaí lena gcuirtear Roinn 4 den Iarscríbhinn chun feidhme.”;

(6) cuirtear an méid seo a leanas leis an Iarscríbhinn:

“ROINN 4. NASCACHT GAN SREANG I BPOBAIL ÁITIÚLA

Ní mór gurb é is aidhm do ghníomhaíochtaí nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar in ionaid a thaitíonn an pobal, lena n-áirítear ionaid amuigh faoin aer ar a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne agus ar áiteanna tábhachtacha iad i saol an phobail áitiúil, chun na gníomhaíochtaí sin a bheith incháilithe do chúnamh airgeadais. Chun críche na hinrochtaineachta, soláthrófar rochtain leis na gníomhaíochtaí sin ar sheirbhísí i dteangacha ábhartha an Bhallstáit i dtrácht ar a laghad agus, a mhéid is féidir, i dteangacha oifigiúla eile de chuid institiúidí an Aontais.

Beidh cúnaimh airgeadais ar fáil do chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 3 de Threoir (AE) Uimh. 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), lena dtugtar gealltanais, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, faoi nascacht idirlín áitiúil gan sreang atá saor in aisce agus gan coinníollacha idirdhealaitheacha a sholáthar trí lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a shuiteáil.

Gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu nascacht idirlín áitiúil gan sreang a chur ar fáil, beidh siad incháilithe le cistiú a fháil ar an gcoinníoll:

- (1) gur comhlacht de chuid na hearnála poiblí dá dtagraítear sa dara mír a chuirfidh chun feidhme iad, ar comhlacht é a bhfuil sé ar a chumas suiteáil lárphointí rochtana áitiúla gan sreang i spásanna poiblí laistigh agus lasmuigh a phleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an tsuiteáil sin, mar aon le maoiniú na gcostas oibriúcháin a áirithiú ar feadh 3 bliana ar a laghad;
- (2) go ndéanfaidh siad forbairt ar nascacht leathanbhanda ardluais lena féidir seirbhís ardchaighdeán idirlín d’úsáideoirí a chur ar fáil, ar seirbhís í:
 - (a) atá saor in aisce agus gan choinníollacha idirdhealaitheacha, is féidir a rochtain go héasca, atá slán agus a úsáideann trealamh is nuáí agus is úrscothaí, lena féidir nascacht ardluais a sholáthar dá húsáideoirí; agus
 - (b) go dtacóidh siad le rochtain ar sheirbhísí digiteacha nuálacha, amhail iad sin a thairgtear trí bhonneagair seirbhísí digiteacha;
- (3) go n-úsáidfean an sainaitheantas coiteann físeach a chuirfidh an Coimisiún ar fáil agus an nasc chuig na huirlisí gaolmhara ar líne;
- (4) go ndéanfar na príonsabail maidir le neodracht na teicneolaíochta ar leibhéal an aisiompair, úsáid éifeachtach cistithe phoiblí agus an cumas tionscadail a oiriúnú do na tairiscintí teicneolaíochta is fearr a urramú;
- (5) go dtabharfar gealltanais go soláthrófar an trealamh agus/nó na seirbhísí gaolmhara suiteála is gá i gcomhréir leis an dlí is infheidhme chun a áirithiú nach ndéanfaidh tionscadail an iomaíochta a shaoibhadh go míchuí.

Gníomhaíochtaí arb ionann iad agus tairiscintí poiblí nó príobháideacha saor in aisce atá ann sa spás poiblí céanna agus a bhfuil na saintréithe comhchosúla acu, ní bheidh siad incháilithe le cistiú a fháil. Féadfar dúbailt den sórt sin a sheachaint ach a áirithiú go ndéanfar raon na lárphointí rochtana arna gcistiú faoin Rialachán seo a leagan amach sa chaoi go gcumhdófar, go príomha, spásanna poiblí agus sa chaoi nach mbeifear ag forlú ar thairiscintí poiblí nó príobháideacha atá ann cheana a bhfuil saintréithe comhchosúla acu.

Is go cothrom ó thaobh geografaiochta de ar fud na mBallstát a leithdháilfean an buiséad atá ar fáil ar ghníomhaíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa roinn seo i bhfianaise líon na moltaí a fhaightear agus, i bprionsabal, is ar bhonn “tús freastail ar an gceann is túisce” a leithdháilfean iad. Áireofar gach Ballstát i leithdháileadh na gcistí go léir faoi gach glao, óna bhfaighfean tograí atá incháilithe.

Beidh gníomhaíochtaí arna gcistiú faoin roinn seo i bhfeidhm agus déanfaidh an Coimisiún grinnfhaireachán orthu ar feadh 3 bliana ar a laghad. Tar éis na tréimhse oibríochtúla leanfaidh an Coimisiún de bheith ag soláthar forléargas ar fheidhmiúlacht na gníomhaíochtaí sin agus ionchur a d’fhéadfaí a úsáid do thionscnaimh sa todhchaí.

(*) Treoir (AE) Uimh. 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).”.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an triú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 25 Deireadh Fómhair 2017.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MAASIKAS

—

Ráiteas comhphárteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gur cheart go mbeadh tionchar fóinteach agus **inscálaitheacht** fhóinteach ag baint leis an tionscnamh WiFi4EU. Chuige sin, tugann siad dá n-aire mura féidir ardú EUR 25 000 000 go EUR 50 000 000 ar an imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa in earnáil na teileachumarsáide a áirithiú go hiomlán, d'fhéadfadh an Coimisiún athdháileadh laistigh den imchlúdach sin a mholadh chun cistiú foriomlán EUR 120 000 000 a éascú chun nascacht idirlín i bpobail áitiúla a chur chun cinn.
